ELeathanach12

Ceol, Spórt agus Scéalta Eile
Dé Luain 10 Samhain 2008

Toghchán na hUachtaránachta i Meiriceá 2008

Thogh muintir na Stát Aontaithe Barack Obama mar an 44ú hUachtarán an tseachtain seo caite, 4 Samhain. Tá beirt iníonacha aige, Malia agus Sasha. Beidh siad ina gcónaí sa Teach Bán i Washington D.C. go luath. Dúirt Barack go gceannódh sé madra nua dóibh.

Tá gaolta ag Barack i Muine Gall, i gcontae Uíbh Fhaillí.

X Factor

An bhfuil sibh ag breathnú ar X Factor fós? Cé hé an moltóir is fearr libh - Cheryl Cole, Dannii Minogue, Simon Cowell nó Louis Walsh?

Níl ach seachtar ceoltóirí fágtha sa chomórtas anois. Beidh an chraobh ar siúl ar 13 Nollaig 2008. Tá Eoghan Quiggs ann fós agus tá seans maith ag an Éireannach óg X Factor a bhuachan. Go n-éirí leat a Eoghain!

Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Beidh Seachtain Eolaíochta na hÉireann ar siúl ar fud na tíre, 9- 16 Samhain 2008. Beidh imeachtaí spraíúla ar siúl. Tá níos mó eolais faoin tseachtain eolaíochta ar fáil ar an suíomh seo: http://www.scienceweek.ie/sw2008/index.asp.

Soilsí na Nollag

Is í Eibhlín Byrne Ardmhéara Bhaile Átha Cliath. Dé Domhnaigh 9 Samhain, las sí na soilsí ar an gcrann Nollag ar Shráid Uí Chonaill. Bhí an searmanas ar siúl ó 4 - 6 i.n. Bhí ceol beo agus go leor siamsaíochta ann do na páistí. Bhí lá iontach ag cách.

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel

Urraithe ag

Foras na Gaeilge

Seanfhocal na Seachtaine: Bíonn blas ar an mbeagán.